

Record of vaccination / Taifead ar an vacsaíniú

Name | Ainm:

Vaccine Name | Ainm na Vacsaíne:

Vaccine Batch Number | Baisc-Uimhir na Vacsaíne:

Date of vaccination | Dáta an vacsaínithe:

Site of vaccination | Suíomh an vacsaínithe:

Route of Vaccination (circle): Intradermal Subcutaneous
Bealach na Vacsaíne (ciorcal): Fo-chraicneach Indeirmeach

Vaccine Expiry Date |

Dáta Éaga na Vacsaíne:

Time of vaccination |

Am an vacsaínithe:

Tar éis na vacsaíne MVA-BN

Anois agus do vacsaín faighte agat, ba cheart duit an doiciméad seo a léamh go cúramach. Tá faisnéis ann faoi cad is féidir leat a bheith ag súil leis tar éis vacsaíniú a fháil agus cá háit le tuilleadh eolais a fháil. Léigh bileog eolais na vacsaíne MVA-BN a thugamar duit faoin vacsaín freisin.

Is taifead é seo freisin ar do vacsaíniú inniu. **Coinnigh an taifead seo sábháilte le do thoil.**

Cad a d'fhéadfadh tarlú sna laethanta amach romhainn?

Tar éis na vacsaíne MVA-BN, faigheann roinnt daoine:

- tinnis chinn
- matáin nimhneacha
- masmas
- Pian ailt
- pian tuirse, deargadh, at, cruas nó tochas áit ar tugadh an vacsaín.

Má thugtar an vacsaín duit idir shraitheanna an chraicinn (go hindeirmeach), is gnách cnapán beag nó athrú i ndath an chraicinn a fheiceáil san áit ar tugadh an vacsaín. D'fhéadfadh sé seo a bheith ann ar feadh roinnt mí. Is rud an-choitianta é seo tar éis do dhuine an dara dáileog a fháil.

Léigh an liosta iomlán de na fo-iarmhairtí aitheanta sa bhileog fhaisnéise vacsaíne.

Cad a tharlaíonn má tá fiabhras orm nó má tá cráphian agus pianta orm?

Má tá fiabhras ort nó má tá cráphian agus pianta cosúil le fliú ort, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a ghlacadh chun cabhrú leat.

Sa chéad dá lá tar éis vacsaínithe uaireanta na fo-iarsmaí ón vacsaín b'fhéidir cosúil leis na comharthaí luatha MPOX (Bolgach Moncaí) (sula Ba chóir do dhaoine nach bhfuil i dteagmháil fós le MPOX (Bolgach Moncaí) ach atá i mbaol ard ionfhabhtaithe ó MPOX (Bolgach Moncaí) agus nach bhfuair vacsaín bhigpox riamh cheana an dara dáileog a fháil chun a gcúrsa a chríochnú. bhfeictear gríos).

Mar sin féin, má mhaireann an fiabhras níos mó ná 48 uair an chloig nó má tá imní ort fós, lorg comhairle leighis, le do thoil. Ná glac iobúpróifein má tá tú ag iompar clainne.

An gá dom an dara dáileog den vacsaín a bheith agam?

D'fhéadfadh go mbeadh an dara dáileog ag teastáil ó roinnt daoine ar a laghad 28 lá tar éis an chéad dáileoige.

Sula bhfaigheann tú do chéad dáileog - cuirfidh do vacsaíneoir in iúl duit faoin líon dáileog a theastaíonn uait.

Ba chóir do dhaoine nach raibh teagmháil acu fós le bolgach moncaí ach go bhfuil riosca ard ionfhabhtaithe bolgaí moncaí ag baint leo agus nach bhfuair siad vacsaín bholgaí riamh roimhe seo an dara dáileog a fháil chun a gcúrsa a chríochnú.

Tar éis an vacsaínithe

Tógann sé 14 lá tar éis duit do chúrsa den vacsaín seo a chríochnú chun go n-oibreoidh sé.

Tá seans ann go bhfaighidh tú bolgach moncaí, fiú má tá an vacsaín faighte agat, ach ba cheart go laghdófaí do shiomptóim.

Is féidir leat do vacsaín MVA-BN a fháil ag aon am tar éis do vacsaín COVID-19 a fháil.

Mar bheartas cosanta, le do thoil cuir moill ar do vacsaín COVID-19 a fháil ar feadh 28 lá tar éis an MVA-BN a fháil toisc go bhfuil riosca ann go bhféadfaí míocairdíneas a fháil (riocht athlastach sa chroí).

An bhfuil ceist agat?

Mura bhfuil tú cinnte faoi rud ar bith, nó má tá aon cheist agat faoin vacsaín cuir ceist ar do vacsaíneoir inniu.

Téigh chuig <https://www.ema.europa.eu/en/medicines/human/EPAR/imvanex> chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin vacsaín.